CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 11/25

Lucsamburg, an 4 Feabhra 2025

Ordú ó Leas-Uachtarán na Cúirte i gCás C-632/24 P-R | *an Coimisiún* v *Courtois agus páirtithe eile*

# Cuirtear ar fionraí shealadach an oibleagáid atá ar an gCoimisiún aithne chomhaltaí na foirne idirbheartaíochta faoi réamhcheannach vacsaíní COVID-19 a ligean, go dtí go dtabharfaidh an Chúirt breithiúnas

In 2020 agus 2021, rinne an Coimisiún Eorpach idirbheartaíocht faoi chonarthaí réamhcheannaigh vacsaíní COVID-19 agus iad a thabhairt i gcrích. In 2021, d'iarr daoine rochtain ar na doiciméid a bhaineann leis na ceannacháin sin ar an gCoimisiún, ach ní bhfuair siad ach páirtrochtain orthu. Agus an gá le trédhearcacht na hidirbheartaíochta le déantóirí vacsaíní á agairt aige, thug siad caingean os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh. Sheas an Chúirt Ghinearálta lena gcaingean go páirteach, [1] go háirithe maidir le diúltú ag an gCoimisiún, ar mhaithe leis an bpríobháideachas a chosaint, aithne shínitheoirí na ndearbhuithe maidir le coinbhleachta leasa gan bheith ann, ar comhaltaí na foirne idirbheartaíochta iad, a ligean. Seoladh leagan anaithnidithe na ndearbhuithe sin chuig na hiarratasóirí.

Rinne an Coimisiún achomharc ag iarraidh an breithiúnas sin a chur ar neamhní. Ó tharla éifeacht fionraíochta gan bheith ag na himeachtaí sin, [2] rinne an Coimisiún iarratas ar bhearta sealadacha chun **bac a chur ar fhorghníomhú bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta ó thaobh nochtadh na sonraí sin** chomh maith.

Ag éisteacht leis an iarratas ar bhearta eatramhacha, **seasann** Leas-Uachtarán na Cúirte le hiarratas an Choimisiúin, go dtí go dtabharfaidh an Chúirt breithiúnas ar a shubstaint, ó measadh go raibh údair mhaithe leis na bearta eatramhacha a dheonú sna imeachtaí idirbhreitheacha. Go deimhin, tógtar ceisteanna dlí nach bhfuil neamhábhartha *prima facie* leis an gcás. Tugtar bunús leis an bpráinn chomh maith ar feadh arb indéanta dochar do na daoine lena mbaineann atá tromchúiseach doleasaithe **a dhóthain chun críocha an nós imeachta eatramhaigh**. Ina theannta sin, i gcás ina ndiúltófaí faoin mbac ar fhorghníomhú arna iarraidh ag an gCoimisiúin, chuirfí an t-achomharc os comhair na Cúirte **ó bhunús den chuid is mó** ó thaobh cé acu an féidir nó nach féidir leis an gCoimisiún diúltú faoi rochtain ar na sonraí sin, ó nochtadh iad cheana féin ar bhealach nach féidir dul siar air. Ar deireadh, sa chomhthéacs sin, claontar, trí **chothromú na leasanna**, chun bac a chur ar fhorghníomhú an bhreithiúnais atá faoi chonspóid, mar a d'iarr an Coimisiún.

Ordaítear bac a chur ar fhorghníomhú na oibleagáide maidir le rochtain níos mó a thabhairt ar na dearbhuithe maidir le coinbhleacht leasa gan bheith ann **go dtí go dtabharfar an breithiúnas** lena gcuirfear an clabhsúr ar na himeachtaí achomhairc.

**NÓTA:** Tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a breithiúnas críochnaitheach ar shubstaint an cháis seo ar dháta níos déanaí. Ní dhéanfar dochar do thoradh na bpríomhimeachtaí le hordú maidir le bearta eatramhacha.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán an ordaithe ar shuíomh gréasáin CURIA.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 17 Iúil 2024, *Courtois agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-761/21 (Féach Preaseisiúint 113/24 chomh maith).

[2] De réir Airteagal 266 CFAE, ní mór don Choimisiún na bearta a glacadh a bhaineann le forghníomhú an bhreithiúnais atá faoi achomharc. Sa chás seo, bhí sé d'oibleagáid ar an institiúid sin aithne shínitheoirí na ndearbhuithe maidir le coinbhleachta leasa gan bheith ann, ar comhaltaí na foirne idirbheartaíochta iad, a ligean leis na hiarratasóirí. Sin an fáth leis gur mian leo go gcuirfí an breithiúnas sin ar fionraí.